Bláithín Nic a t-Sithigh (Sheehy)

# Forógra do ról an Leas Uachtarán don Ghaeilge, AMLÉ

1. Fúmsa
2. Taithí
3. Aidhmeanna don bhliain
4. Focal Scoir

## Fúmsa

Bláithín Nic a t-Sithigh is ainm dom. Is as Daingean Uí Chúis i gcontae Chiarraí dom. Is cainteoir dúchais Gaeilge mé agus is í an Ghaeilge mo chéad teanga. Teastaíonn uaim ionadaíocht a dhéanamh agus a bheith mar ghuth ag mic léinn uile triú leibhéal na hÉirinn ó thaobh na Gaeilge de. Tá céim agam sa Ghaeilge agus Stair ó Coláiste na hOllscoile Corcaigh. I mbliana bhíos mar an Leas Uachtarán don Ghaeilge le Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Creidim go bhfuil sé tábhachtach Aontas na Mac Léinn a bheith againn a thacaíonn lena mhic léinn agus an luach atá acu agus ar a dtuairimí. Tar éis dom bheith mar an Leas Uachtarán don Ghaeilge i mbliana, ba bhreá liom leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht ar son riachtanais Gaelainne na mac léinn uile AMLÉ.

**<u>Taithí</u>**

Ag fás aníos sa Ghaeltacht, bhí go leor deiseanna agam mo chuid Gaeilge a úsáid, agus nuair a thosnaíos sa choláiste thapidh mé aon deis go rabhas in ann mo chuid Gaeilge a úsáid. Chabhraigh mo taithí liom i mbliana agus mé mar Leas Uachtarán don Ghaeilge.

- Bím ag labhairt air Nuacht TG4 agus Raidió na Gaeltachta go rialta.
- Dheineas taithí oibre le Ros na Rún agus bhíos mar duine breise ann.
- Tá mo shamhraidh caite agam ag obair mar cheannaire ar chúrsaí samhradh Gaeilge le Coláistí Chorca Dhuibhne.
- Nuair a bhíos sa choláiste, bhí baint agam le coistí agus leis na cumann gaelach – An Chuallacht Gaelach agus An Cumann Drámaíochta.
- Bhíos mar meantóir Gníomhaí Gaeilge i mbliana.
- Bhíos mar Ionadaí an Choláiste do Coláiste na nEalaíne agus ag suí ar fheidhmeannas Aontas na Mac Léinn COC nuair a bhíos sa tríú bhliain sa choláiste.
- Bhíos mar áirtheoir in Áras Uí Thuama, Scéim Cónaithe trí Ghaelainn na hOllscoil ar feadh trí bliana.
- Ghlacas páirt i 'Scéim na Scoil' a ritheann Ionad na Gaeilge Labhartha i COC.
- Ag tabhairt ceardlann mar gheall ar ról an oifigeach Gaeilge ag Traenáil nag Cumann, eagraithe ag Conradh na Gaeilge.
- Ag labhairt ar painéal ag Oireachtas na Samhna mar gheall air todhchaí na teanga.
- Chuir mé tús le ‘Feachtas na bhFáinní’ i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge i mbliana.
- D’oibrigh mé le eagraitheoirí Seachtain na Gaeilge i mbliana le Lámhleabhar na Mac Léinn a chuir le chéile.
- Chuir mé tús le feachtas ‘Pop-Up Gaeltacht’ atá á rith ag AMLÉ faoi láthair.

Mhúin mo thaithí ar fad dom conas dul i ngleic le fadhbanna mic léinn agus na scileanna riachtanacha chun deileáil leo. D'fhoghlaim mé conas oibriú mar chuid d'fhoireann agus

éisteacht le riachtanais agus iarratais na mac léinn agus an rud a iarrtar orm a dhéanamh agus conas athruithe a chuir bhfeidhm. Creidim go bhfuil an taithí agam chun leanúint orm sa ról seo. Tá neart taithí agam le chuir leis an méid atá déanta agam i mbliana.

## Aidhmeanna don bhliain

Ag dul isteach sa ról seo ba mhaith liom spriocanna réalaíoch a leagan síos le bheith ag obair i dtreo agus iad a chuir i gcrích. Nuair a thagann deireadh le mo théarma, ba mhaith liom féachaint siar agus a bheith in ann a rá gur bhain mé amach an méid a bhí leagtha amach dom. Má thoghfar mé arís, ba mhaith liom a chinntiú go bhfanfaidh an árd-caighdeán Gaeilge agus go neartófar pobal na Gaeilge sna hOllscoileanna timpeall na tíre.

Is iad na príomh-spriocanna atá agam ná:

- **Ranganna Gaeilge d'Oifigigh** - Comhrá a chuala mé ana-chuid i mbliana ná oifigigh ag iarraidh a Cúpla Focal a fhoghlaim nó snas a chur ar an Ghaeilge a bhí acu cheana féin. Dá n-atoghfaí mé, táim chun féachaint an bhféadfaí ranganna Gaeilge a chur ar fáil ar phraghas réasúnta d'Oifigigh AMLÉ ar dtús agus ansin féachaint ar é a leathnú amach chuig Balleagraíochtaí.

- **Pop-Up Gaeltacht** - Ag leanúint ar aghaidh ón bhfeachtas seo i Seimeastar 2, ba mhaith liom an feachtas a leathnú, é a dhéanamh níos fearr, trí aiseolas a fháil agus féachaint ar réimsí ar féidir feabhas a chur orthu ón seimeastar seo agus é a ionchorprú isteach sa bhliain seo chugainn. Ceapaim gur slí iontach é Pop-Up Gaeltacht do dhaoine a gCúpla Focal a úsáid ar bhealach sóisialta, gan brú a bheith orthu faoi breithiúnas á thabhairt ar leibhéal a gcuid Gaeilge agus roinnt focal agus frásaí nua a phiocadh suas.

• **Caidreamh a chruthú le grúpaí mionteanga eile** – Toisc go bhreathnaítear ar an nGaeilge mar mhionteanga, ba mhaith liom taighde a dhéanamh ar mhionteangacha eile agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí teanga eile, ar nós aontas na mac léinn a bhfuil oifigeach teanga acu m.sh. NUS Wales. Ba mhaith liom plé a dhéanamh ar na mionteangacha agus comhoibriú leo ar conas gur féidir mionteangacha a chur chun cinn.

• **Seachtain na Gaeilge** - Is imeacht lárnach í Sheachtain na Gaeilge a bhíonn ar siúl gach bliain ón 1ú-17ú Márta. Ba mhaith liom a thuilleadh forbairt a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge AMLÉ. Ba mhaith liom oibriú lenár mbaill agus oibriú le eagraitheoirí Seachtain na Gaeilge chun an féile a fhorbairt ag an dtríú leibhéal. Oibreoidh mé leis an méid is mó Balleagraíochtaí agus gur féidir chun é a neartú.

• **Láithreacht na Gaeilge ar na Meáin Shóisialta a mhéadú** - Cé go mbíonn Gaeilge ag AMLÉ i bpostálacha ar na meáin shóisialta nuair is féidir, ní raibh sé indéanta i gcónaí mar gheall ar shrianta ama agus bacanna eile. Ba mhaith liom é seo a athrú agus a fheabhsú. Tá súil agam é seo a dhéanamh le treoir ónár scéim teanga.

• **Pacáiste Feachtais Gaeilge** - Ag tús mo théarma mar oifigeach, táim chun lámhleabhar le uirlisí úsáideach a chur le chéile d'oifigigh, ionas gur féidir leo Gaeilge nó Cúpla Focal a úsáid i bhfeachtais agus in imeachtaí i rith na bliana m.sh. SHAG, exam de-stress srl.

- **Scéim Teanga AMLÉ –** Teastaíonn uaim forbairt a dhéanamh ar ‘Scéim Teanga’ AMLÉ tríd stráitéis fad téarmach a chruthú don Ghaeilge laistigh don Aontas. I measc beidh traenáil, iarrachtaí an teanga a chur chun cinn, tacaíocht don Ghaeltacht, spreagadh a thabhairt chun an teanga a chur chun cinn, imeachtaí a eagrú agus ag déanamh stocaireacht.

- **Ról an Oifigeach Gaeilge a bhunú –** Tar éis do Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil na Gaillimhe ról oifigeach gaeilge lán-aimseartha a bhunú, táim ag súil le oibriú le aontais eile chun ról lán-aimseartha a bhunú don Ghaeilge. Chomh maith le sin, ba mhaith liom oibriú le aontais nach bhfuil oifigeach gaeilge acu chun ról páirt-aimseartha a bhunú. Ba mhaith liom níos mó tacaíocht a thabhairt chuig oifigigh gaeilge tríd teagmháil rialto a bheith agam leo.
- **Tacú le Cumann Gaelach agus iad a bhunú –** Bíonn ról lárnach ag na cumann gaelach i chur chun cinn an Ghaeilge ag an tríú leibhéal. Teastaíonn uaim an gaol atá idir AMLÉ agus na cumann a neartú agus níos mó tacaíocht a thabhairt dóibh i rith na bliana. Ba mhaith liom cabhrú leis na campais go bhfuil tóir ar an Ghaeilge chun cumann gaelach a bhunú ann.

**<u>Ráiteas deirneach</u>**

Ba mhór an onóir domsa a bheith tofa mar Leas Uachtarán don Ghaeilge do 24/25. Is mian liom timpeallacht shábháilte a chruthú do mhic léinn, go háirithe iad siúd nach bhfuil muiníneach as a gcuid Gaelainne agus leanúint leis an obair atá déanta agam i mbliana agus tógaint air. Tá a fhios agam go mbíonn sé scanrúil ag foghlaim teanga nua, go h-áirithe ag caint le cainteoirí líofa agus mar sin ba mhaith liom atmaisféar sábháilte a cruthú agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn laistigh d’AMLÉ. Beidh mé ag obair freisin le hionadaithe Gaeilge sna coláistí in éineacht leis na Cumann Gaelach chun a chinntiú go mbraitheann mic léinn go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfaighidh siad na deiseanna is fearr i dtimpeallacht oiriúnach. Táim buíoch as a bheith mar do Leas Uachtarán don Ghaeilge le bliain anuas agus tá súil agam gur féidir liom leanúint leis ar feadh bliain eile. Creidim gur mise an rogha ceart agus an iarrathóir leis an taithí is fearr don ról.

Is fearr sinne le chéile trí Ghaeilge.